

# Deireadh B?aire

Caitr?ona N? Mhurch?u



Cl? Iar-Chonnacht  
Indreabh?n  
Conamara

An Chéad Chló 2010  
© Cló Iar-Chonnacht Teo. 2010

ISBN 978-1-905560-64-6

**Dearadh clúdaigh:** Clifford Hayes  
**Dearadh:** Deirdre Ní Thuathail



Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnacht buíoch de Foras na Gaeilge as  
tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cló Iar-Chonnacht cabhair airgid  
ón gComhairle Ealaíon.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

**Clóchur:** Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.  
**Teil:** 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie  
**Priontáil:** CL Print, Indreabhán, Co. na Gaillimhe  
**Teil:** 091-593251/593157

*do Fhaolán Jem  
ár síscéal féin*

‘**T**á na cumhachtaí olca agus an dubhealaín ag preabadh sa bhfuil agam!’ a bhéic Cailitín, Sárdhraoi Olc na bhFomhórach, i nguth garbh. ‘Tá gaois na mílte bliain sna dubhealaíona carnaithe agam agus níl aon ghearrchaile leathdhaonna chun mise a chloí! Tá an píosa den Lia Fáil a bhí agam gan mhaith anois ó ghontaigh an cailín mallaithe sin mo shúil mhillteach leis. Ach tá cur amú uirthi má cheapann sí go gcuirfidh a cuid geáitsíochta aon bhac ormsa. Níl aon ghá agamsa le cloch lofa na síóg anois. Tá Tuatha Dé Danann sáinnithe i gcaisleán fothalaimh Dhoinn agus níl ag Rósmáire chun í a chosaint ach Daideo, seanfhear lag gan mhaith. Thángadar beirt aniar aduaidh orm aréir. Sin uile. Ach ní thiocfaidh arís. An chéad uair eile a fheicim í – agus feicfidh go luath – déanfaidh mé píosaí di agus tabharfaidh mé do mo phaca gadhar í don dinnéar. Ní bheidh an t-ádh uirthi arís! Agus deireadh léi siúd ní bheidh puinn dóchais ag Tuatha Dé Danann. Meathaidís sa dún acu! Bíodh deireadh leo!’

Leis an méid a bhí le rá aige ráite, shuigh Cailitín síos go trom agus lig ollbhéic uafásach as a chiúnaigh na héanlaithe sna crainn. Le teann feirge chnag sé a mhéara agus leis sin thrasnaigh dubhscamall an ghrian is d’éirigh an domhan chomh dubh le pic. D’fhéach gach uile neach beo a bhí amuigh faoin aer suas chun na spéire

nuair a bhraitheadar an dorchadas tobann aduain. D'éirigh ráig láidir gaoithe agus thosaigh an bháisteach ag doirteadh as na spéartha liatha. Theith idir dhaoine agus ainmhithe chun fothana ón stoirm a bhí ardaithe ag Cailtín. Ní bheidh laethanta deasa ann níos mó má éiríonn leis na Fomhóraigh teacht i réim. Beidh an domhan dorcha go deo má éiríonn le Cailtín Rósmáire agus Tuatha Dé Danann a chloí.



Dhúisigh Rósmáire go moch. Bhí sí ar tí léim amach as an leaba mar ba ghnách di nuair a chuala sí an ghaoth agus an bháisteach. Chuaigh sí ar ais láithreach faoin bpluid. Ní raibh aon fhonn éirí uirthi sa drochaimsir. Dhún sí a súile ach d'oscail arís iad de phreab.

‘Ó lúibíní! Ailill! Caithfidh go bhfuil sé fliuch báite! Bhí a fhios agam nach raibh de cheart agam é a fhágáil amuigh aréir. É féin a cheap gur smaoineamh maith é! Cén fáth nach n-éistear liom riamh? Ní hé nach bhfuil an draíocht aige chun é féin a cheilt! Ó, ulchabháin ghaoiseacha! Is breá leo a cheapadh go bhfuil siad i bhfad níos cliste ná tú i gcónaí!’

Bhí Rósmáire ag tarraingt éadaí uirthi féin ón meall ar an urlár agus í ag labhairt amach os ard léi féin mar ba ghnách léi.

‘Bhí mise ceart agus bhí sé siúd mícheart! Tá a fhios agam gur ulchabhán draíochta é agus nach bhfuil ionamsa ach cailín leathshiógach, ach fós bhí de cheart aige éisteacht liom! Agus féach anois! Beidh sé fuar,

fliuch báite, ocrach agus cantalach. Agus beidh ormsa é a tharraingt isteach faoi shrón Bhean Uí Chaincín, rud nach mbeidh ró-éasca! Ó lúibíní! Ó lúibíní lú!



Thosaigh Cailitín ag siúl suas agus síos le fearg agus frustrachas.

‘Beidh orm fíis aigne a theilgean chuig Dubhach. Níl rogha agam. Níl de chuma air gur féidir liom riocht duine daonna a chur orm féin arís. Ní maith liom í a tharraingt ó Rósmáire, ach is í is cóngaraí dom. Tá íde béil ag dul chuici ar aon nós. Conas a scaoil sí Rósmáire thairsti aréir? Nárbh í an feidhleoir aici í? Ba bheag nár tháinig deireadh tobann lenár bhfeachtas toisc a neamhairde agus a míshlachta. Beidh uirthi crot a chur uirthi féin as seo amach nó cuirfear deireadh léi siúd, leis!’



‘Ailill! Ó, a Ailill, cá bhfuil tú?’ a bhéic Rósmáire chomh hard is a d’fhéadfadh sí. Faraor, ní raibh sé sin ró-ard mar bhí Bean Uí Chaincín lofa sa chistin agus bíonn súil an Fhomhóraigh amuigh aici de shíor. Ní raibh a fhios ag Bean Uí Chaincín go raibh a fhios ag Rósmáire nárbh fheidhleoir í dáiríre ach Fomhórach. Is ní raibh a fhios ag Rósmáire gurbh é Cailitín féin a sheol Bean Uí Chaincín chuici chun súil a choimeád uirthi. Dubhach is ainm dí dáiríre agus ís í a thóg Cailitín míle bliain ó shin.

Níl sí tar éis a thaobh a fhágáil ó shin i leith. Tá sí iomlán dflis dó agus déanann sí pé rud a iarrann sé uirthi. Rud a chiallaíonn go bhfuil sé i bhfad níos baolaí an bhean áirithe seo a bheith mar fheidhleoir aici ná mar a cheapann Rósmáire.

‘Ó, Ailill, taispeáin tú féin. Níl sé seo greannmhar. Cá bhfuil tú? An bhfuil tú ceart?’ arsa Rósmáire go crosta agus í ag lorg an éin faoi thoir fhliucha. Ach ní raibh sí in ann teacht air aon áit agus bhí sí ag éirí ábhairín beag buartha faoi. Bhí an gairdín cuardaithe ó bhun go barr aici agus ní raibh rian ná radharc ná tásca ná tuairisc ar Ailill. Ní raibh ach an t-aon áit amháin a d’fhéadfadh sé a bheith. B’in i measc an bhruscair. Is ní raibh fonn dá laghad ar Rósmáire an bruscar a chuardach ar lá tais fuar. Agus cé a thógfadh uirthi é? Ní bheadh fonn uirthi é a dhéanamh dá mbeadh an ghrian ag spalpadh. Ní raibh de rogha aici, áfach, ach tabhairt faoi. D’ardaigh sí clúdach an chéad bhosca bruscair agus ba bheag nár leag an boladh as a seasamh í. ‘UCH! Caithfidh go bhfuil an ceann seo lán le fuílligh an Phleota!’ arsa Rósmáire agus í ar tí a lámh a shíneadh isteach i measc na dramhaíola. Go tobann chuala sí guth bog laistiar di.

‘A Rósmáire, anseo atáim.’

D’fhéach Rósmáire thart timpeall uirthi ach ní raibh sí in ann faic a fheiceáil.

‘Á, a Ailill, cuir uait do chuid pleidhcíochta. Ní maith liom a bheith drochbhéasach le héan gaoisiúil draíochta ach níl sé seo cothrom uait. Táimse ag seasamh anseo le mo lámha i mbruscar is tá Bean Uí Chaincín ag stánadh amach an fhuinneog orm. Mise a bheidh i dtrioblóid, ní

tusa! Is mise a bhíonn i dtrioblóid i gcónaí agus táim ag éirí bréan de.’

Bhí Bean Uí Chaincín fós ag stánadh amach uirthi lena dhá shúil dhubha. Thosaigh sí ag cuimilit na fuinneoige le ceirt chun an gal a ghlanadh di.

‘Ailill, tá sí ag iarraidh radharc níos fearr a fháil orm,’ arsa Rósmáire go heaglach. ‘Tá a fhios aici go maith go bhfuil rud éigin ar bun agam. Tá eagla ag teacht orm. Is fuath, fuath, fuath liom é nuair a dhéanann sí stánadh mar sin orm.’

Labhair Ailill go láidir le Rósmáire:

‘Cuir cuma ort féin. Ná bíodh eagla ort roimpi siúd. Is iníon tusa le hAoihbneas, Sárdhraoi Thuatha Dé Danann. Níl inti siúd ach sclábhaí. Déanann sí toil Chailtín ach níl aon chumhacht dá cuid féin aici, seachas an cúpla luibh dhraíochta atá aici. Is seanchailleach í cinnte agus tá sí mídheas go maith, ach sin uile.’

Ba é an chéad uair riamh do Ailill labhairt sa tslí sin le Rósmáire. Baineadh siar go mór aisti. Líon a súile le deora gan choinne.

‘Níl aon ghá duit a bheith chomh mídheas liom, a Ailill. Táimse ag seasamh anseo sa bháisteach ag iarraidh cabhrú leat! Sin uile! Agus níl tusa sásta tú féin a thaispeáint dom fiú! Fan amuigh faoin mbáisteach más ea! Pé áit ina bhfuil tú! Rachaidh mise isteach agus beidh cupán tae agam le Bean Uí Chaincín lofa! Taispeánfaidh sé sin duit nach bhfuil eagla orm roimpi!’

Leis sin chuaigh Rósmáire isteach sa teach faoi stiúir is teann díreach léi isteach sa chistin.

‘Bhuel, a Bhean Uí . . .’ ach stop sí i lár abairte. Ní raibh Bean Uí Chaincín ann. Bhí sí ann cinnte soicind ó shin



ach cinnte deimhnitheach ní raibh anois. ‘Conas atá gach éinne ag dul as radharc orm?’ arsa Rósmáire go crosta.

‘Ó, cad tá ortsa ar maidin?’ arsa an Pleota ó dhoras na cistine agus é ag scaoileadh broma. Ní dhéanann deartháir Rósmáire, Ruairí – sé sin an Pleota – *ach* broimeanna móra lofa a scaoileadh. ‘Coiméad síos é. Táim ag iarraidh féachaint ar an teilifís.’

‘Ar an teilifís? Chomh luath seo ar maidin? Conas?’ arsa Rósmáire.

‘Ó, tá tú chomh dúr. Conas in aon chor gur deirfiúr liom tú? DUH! Cén fáth ar dhóigh leatsa?’ Ach níor fhreagair Rósmáire é. ‘Míneoidh mé go mall duit é más ea. NÍL ÉINNE SA BHAILE SEACHAS TUSA AGUS MISE. Rud a thabarfá faoi dearadh muna mbeifeá ag caint le do *CHAIRDE DOFHEICTHE!*’

Bhí Rósmáire ar tí é a fhreagairt ar ais ach chinn sí a béal a choiméad dúnta, cé gur dheacair di é seo a dhéanamh, mar bhí tuilleadh eolais uaithi.

‘Ach céard faoi Dhaideo? Cá bhfuil Daideo imithe?’ arsa Rósmáire.

‘Ó, n’fheadar! Imithe go dtí an tSín nó rud éigin is dócha,’ a dúirt an Pleota, agus is cinnte go raibh Daideo tógtha le himeacht go tobann ar ráigeanna fada thar lear.

‘Níl sé anseo. Bhfuil tú cinnte de?’ arsa Rósmáire agus í ag éirí buartha. Roghnaigh na síoga Daideo mar chosantóir di. I ngan fhios dó féin gan amhras! Ach dúradar léi go mbeadh sé lena taobh i gcónaí, agus muna raibh go raibh rud éigin as alt.

‘Ó, téigh á lorg muna gcreideann tú mé. Táim bréan den chomhrá seo. Táim ag filleadh ar an teilifís.’ Is rug sé ar lámh Rósmáire agus thug dó Síneach mall di. ‘Agus

ná cuir isteach orm. Is cuma céard a tharlaíonn duitse nó d'éinne eile!



Bhí sé chomh gruama, dorcha laistigh de sheanchaisleán Dhoinn gur ar éigean a d'fhéadfaí na sióga a fheiceáil. Níor shroich solas an lae cúinní uaigneacha an dúin. Ní raibh le cloisteáil ach lag-ghaoth ag sioscarnach aníos chucu ó chlocha anaithnide na pluaise duairce ina rabhadar sáinnithe. Bhí Tuatha Dé Danann fuar, ocrach, cloíte, spíonta. Ní raibh mar sholas acu ach Tine an Teamhráin. Bhí sé chomh lag sin, áfach, nach gcoimeádfadh sé an luichín is lú teolaí agus cinnte ní choimeádfadh sé teas le buíon sióg.

Labhair Diarmaid na Láimhe Órga amach go tobann. Sheas sé suas chun cainte. Bhí lasracha laga na tine ag damhsa ina shúile glasa. Bhí fearg agus pian greanta ina chneácha. Bhí línte tuirse faoina shúile agus timpeall a bhéil. Shroich a ghruaig fhada dhubh a bhásta ach bhí liath le feiceáil ann anois.

'Ní féidir linn fanacht anseo níos mó. Féach orainn. Sinne Tuatha Dé Danann! Ba cheart dúinne dul ar thóir ár gcinniúna féin! Níor cheart dúinn fanacht i bpoll éigin go dtí go dtarrthálfar sinn! Ní haon ionadh go bhfuil Tine an Teamhráin chomh lag. Ní hiad na sióga ársa atá tar éis sinn a thréigean, is sinne a thréig iad siúd! Is ní maithfidh siad dúinn é. Bíodh uchtach againn. Tugaimis aghaidh ar ár gcinniúint. Tugaimis aghaidh ar Chailtín agus ar na Fomhóraigh. Bíodh Maigh Tuireadh eile againn!' Leis sin d'ardaigh sé a chlaíomh go hard

san aer lena lámh órga agus bhéic arís, ‘BÍODH MAIGH TUIREADH EILE AGAINN!’

D’éist na sióga le macallaí na bhfocal ag léim ó fhalla go falla is thosaíodar ag monabhar eatarthu féin.

‘Aontaím le Diarmaid na Láimhe Órga,’ a d’fhreagair guth ón dorchadas.

‘Mise, leis,’ a dúirt sióg eile.

Sheas Clíodhna is d’ardaigh a claíomh agus a sciath os cionn a cinn agus labhair amach ina guth álainn binn:

‘Imímis as seo! Má tá deireadh ár ré i ndán dúinn nach fearr go mór go mbeadh onóir ag baint leis an deireadh sin? Tá an ceart ag Diarmaid, a Chréidhne. Imímis! Troidimis!’

Thosaigh sióga eile ag bualadh a gclaimhte i gcoinne na bhfallaí go dtí gur líon an torann an halla. Sheas Créidhne suas go mall. Bhí pian i ngach uile chnámh aige agus bhí a chroí trom le dúbhrón. Bhí Créidhne ag ceapadh go mbrisfeadh aighneas áirithe amach agus na sióga chomh brónach traochta is a bhí, ach baineadh siar as nuair a chuala sé Clíodhna ag aontú le Diarmaid. Thuig sé ansin cé chomh géar is a bhí an choimhlint i gcroíthe na sióg.

‘Más fearr libh an cinneadh is mian le Diarmaid a thógáil, bíodh sé mar cheannaire agaibh. Seasfaidh mise síos. Gan chomhrac. Gan aighneas. Ach bígí cinnte go bhfuil an rogha cheart á déanamh agaibh,’ arsa Créidhne.

‘Ó, tá. Bí deimhin de sin, a Chréidhne,’ a d’fhreagair Diarmaid go binbeach.

‘B’fhéidir é, a Dhiarmaid, ach tabhair seans cainte dom nóiméad!’

‘Abair leat, a Chr  idhne. N   chuirfidh mise bac ar do chuid cainte. N   sp  is liom   isteacht. T   cloiste cheana agam. T   cloiste cheana againn go l  ir. Abair leat m  s ea!’

Chrom Cr  idhne a chloigeann uasal. N  r thuig s   conas a d’  irigh c  rsa   chomh dona chomh tapa. Bhraith s   go smior ann f  in go raibh rud   igin as alt. Ach n   fh  adfadh s   f  s a mh  ar a leagan ar cad    go d  ireach a bh   cearr. N  orbh am machnaimh    seo   fach. Bh   air smacht a fh  il ar an mbu  on si  g sula dt  gfaid  s cinneadh a chuirfeadh an feachtas ioml  n i mbaol. N   bheadh ach   r i nd  n d  ibh d   leanfaid  s comhairle Dhiarmada. D’ardaigh s   a chloigeann is d’fh  ach ar na si  ga uilig, si  g ar shi  g, is thosaigh ag caint go mall c  ramach:

‘Briseann s   mo chro  i go bhfuil baill Thuatha D   Danann ag aighneas eatarthu f  in mar seo. M  s mar seo at  imid ag caitheamh lena ch  ile, t   deireadh linn. M   t  imid chun Cailit  n agus na Fomh  raigh a chlo  i beidh orainn tarraingt le ch  ile p   cinneadh a th  gann muid n   p   ceannaire a leanann muid. Aonta  m leis an m  id at   r  ite go dt  i seo. N   haon meatach  n mise. T   cath i ndiaidh catha troidte agamsa, mar is eol daoibh go l  ir. B  g   cinnte de nach bhfuilimse ag moladh go mba cheart d  inn fanacht anseo go dtagann Cailit  n chun slad a dh  anamh orainn. Agus fi   m  s    sin an deireadh at   i nd  n d  inn, ba cheart d  inn misneach a bheith againn. An rud at  imse a mholadh n   go mba cheart d  inn fanacht f  achaint an bhfaighimid nuacht    Ailill. Is fearr go minic bl  ire eolais n   faobhar ar ch  ad cla  omh chun cath a bhuachaint. Beidh orainn dul chun catha luath

nó mall. Táim cinnte de sin. Ach ba cheart dúinn a bheith ullamh chun troda. Féach orainn. Chloífeadh scata coiníní sinn. Fanaimis ar nuacht. Agus idir an dá linn déanaigí bhur neart a chaomhnú. Mar beidh sé uaibh.’ Thosaigh na síoga ag caint eatarthu féin. ‘Agus rud eile,’ arsa Créidhne, ‘níl na síoga ársa tar éis sinn a thréigean. Tá rud éigin as alt anseo. Sin é an fáth go bhfuil Tine an Teamhráin chomh híseal. Agus sin é an fáth gur mian liomsa fanacht ar thuairisc ó Ailill sula ndéanaim cinneadh ar aon rud.’

Bhíog croí na síog le buairt nuair a chualadar focail Chréidhne faoi Thine an Teamhráin. Ní raibh a fhios acu anois céard le déanamh. Ní raibh a fhios acu cé a leanfaidís. Bhí fonn catha orthu cinnte ach ní fhéadfaidís ach aird a thabhairt ar an méid a bhí ráite ag Créidhne. Is bhíodar dílis dó mar cheannaire. Ní raibh sé tar éis iad a ligint síos go dtí seo. Ach níor labhair éinne amach. Bhí Diarmaid ag faire go géar féachaint céard a tharlódh.

Thosaigh monabhar ag fás ó chúl an halla agus as an duairceas shiúil dhá mhac tíre i dtreo Chréidhne. Iad beirt ard maorga téagartha. Bhí mac tíre amháin liathbhán le súile dúghorma. Bhí an mac tíre eile iomlán dubh is bhí a shúile buí ag lonradh ina phlaosc aige. Ainmhithe láidre allta áille ab ea iad. Nuair a shroicheadar Créidhne stán siad air soicind. Choimeád na síoga a n-anáil istigh. Níor tharla aon rud ar feadh nóiméid. Bhí gach neach beo sa halla mar a bheidís reoite. Sa chiúnas d’umhlaigh an dá mhac tíre do Chréidhne. Tar éis dóibh umhlú sheas an mac tíre liathbhán ag a lámh dheas is an ceann dubh ag a lámh chlé. Leag Créidhne a lámha ar a gcloigeann is stán sé

amach ar an mbuíon síog a bhí cruinnithe os a chomhair amach. Clíodhna a bhris an tost:

‘Is maith é do chomhairle mar is gnách, a Chréidhne. Agus is léir go bhfuil an domhan eile ag tacú leat leis. Is teachtairí iad na mic tíre ó na síoga ársa is ba cheart dúinn éisteacht lena gcomhairle.’

Thosaigh na síoga, síog ar shióg, ag leagadh a gclaimhte ar an urlár is chromadar síos ar a nglúine os a chomhair.

‘Fanaimis tamall más ea, más é sin do chomhairlese. Ach ní fhanfaidh mise go deo. Beidh orainn bogadh muna dtagann scéala ó Ailill go luath,’ arsa Diarmaid na Láimhe Órga agus é ag cúlú isteach sa dorchadas, a chlaíomh fós ina lámh aige.

Lig Créidhne osna faoisimh as. Bhí sé ag éirí níos déine agus níos déine air an cúrsa a theastaigh uaidh a stiúradh. Ní raibh sé róchinnte níos mó an éireodh leis fiú. Bhí eagla ina chroí ach bheadh air misneach a bheith ina bholg aige, mar bhí sé beagnach lánchinnte de go mbeadh air teacht ar fhealltóir a bhí ina measc agus é nó í a nochtadh sula ndéanfaí slad orthu uilig i gcaisleán Dhoinn.



Rith Rósmáire caol díreach amach sa ghairdín agus bhéic in aird a cinn is a gutha:

‘AILILL! AILILL! CÁ BHFUIL TÚ? TAR CHUGAM LÁITHREACH BONN!’

Tháinig duine nó beirt de na comharsana chun a bhfuinneoga chun féachaint cad faoi an bhéicíl agus an

fústar go léir, ach nuair a chonaic siad nach raibh ann ach Rósmáire agus í ag seasamh i lár an ghairdín agus an bháisteach ag stealladh anuas uirthi níor dheineadar ach a gceann a chroitheadh agus fillleadh ar pé gnó a bhí idir lámha acu sular chuir Rósmáire isteach orthu. Chonaic Rósmáire iad ag féachaint uirthi ach ba chuma léi. Bhí a fhios aici gur shíleadar go raibh sí beagán ait sa chloigeann agus níor chabhraigh na scéalta agus na ráflaí a leath an Pleota fúithi gan amhras!

Scaip an Pleota scéal nua faoina dheirfiúr timpeall na comharsanachta chomh minic agus a d'fhéadfadh sé. An ceann ba dhéanaí a scaip sé ná gur síceolaí ó theach na ngealt í Bean Uí Chaincín, a bhí ann go speisialta chun súil phroifisiúnta a choimeád ar Rósmáire mar go raibh sí beagán bog sa cheann. Mhínigh an Pleota dóibh i mbréag-ghuth foighneach nach bhféadfaí focal as a béal a chreidiúint. Dúirt sé leis na comharsana a bhí sásta éisteach – agus faraor bhí chuile comharsa dá gcuid sásta éisteach – go raibh Rósmáire ag maireachtaint i réimse na samhlaíochta agus gan aird ar bith á thabhairt uirthi ná ar pé rud a déarfadh sí. Ní raibh anseo ach pleidhcíocht gan amhras. Níor thuig an Pleota go raibh sé ag imirt díreach isteach i lámha na bhFomhórach agus go raibh sé ag cur a bheatha féin agus beatha na gcomharsan timpeall air i mbaol lena chuid bréag.

Agus na comharsana fillte ar a gcuid gnó d'oscail Rósmáire a béal chun scairteadh amach arís:

‘Aill-’

Ach bhí an t-ulchabhán críonna os a comhair amach sula bhféadfadh sí a ainm a chríochnú. Agus ní róshásta a bhí an t-éan céanna.